

# Athbhreithniú ar Bheartas Eachtrach na hÉireann agus ar an gCaidreamh Coigríche

## Cáipéis maidir le Comhairliúchán Poiblí

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

## Réamhrá

Tá athbhreithniú ar bheartas eachtrach agus ar chaidreamh seachtrach na hÉireann á dhéanamh ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Is é cuspóir an athbhreithnithe ráiteas cothrom le dáta a chur ar fáil ar bheartas eachtrach na hÉireann agus sraith moltaí dá iompar a shainaithint d'fhonn a chinntiú go bhfuil an Rialtas réitithe leis an meascán ceart beartas agus ionstraimí chun ár luachanna agus ár leas a chur chun cinn i dtimpeallacht idirnáisiúnta chasta atá ag athrú. Tá cur síos ar spriocanna agus ar chuspóirí beartais eachtraigh reatha na hÉireann sa Ráiteas Straitéise don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (ar fáil ag www.dfat.ie ).

Is é cuspóir an pháipéir chomhairliúcháin seo dearcthaí páirtithe leasmhara agus daoine den phobal a lorg. Cuireann sé comhthéacs éigin ar fáil don athbhreithniú agus leagan amach roinnt ceisteanna lena mbreithniú. Féadfaidh daoine aonair a dhéanann aighneacht aghaidh a thabhairt ar aon tsaincheist a bhaineann le beartas eachtrach na hÉireann a measann siad a bheith le hábhar, lena n-áirítear aon cheann nach n-ardaítear go sainráite sa doiciméad seo.

## Cén uair agus cén chaoi ar chóir aighneachtaí a dhéanamh?

Ba chóir aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Ba chóir iad a chuir chuig an fhoireann athbhreithnithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tríd an bpost chuig Athbhreithniú Beartais Eachtraigh, an Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála, 79-80 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, faoin 04 Feabhra 2014. Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis an athbhreithniú, déan teagmháil le do thoil le Gerard Keown nó le ceisteanna a chur ar an teileafón glaoigh ar 01 408 2687.

Féadfaidh an fhoireann athbhreithnithe aighneacht iomlán nó cuid di a eisiúint, faoi réir riachtanas cosanta sonraí. Léirigh le do thoil an bhfuil tú toilteanach an eisiúint seo a údarú (léirigh TÁ / NÍL) agus aighneacht á déanamh.

Beidh feidhm le forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise ar aighneachtaí a fhaightear freisin, ar féidir ansin a eisiúint ina n-iomlán nó i bpáirt. Agus aighneacht á déanamh, léirigh le do thoil má tá gnéithe de d'aighneacht go bhfuil tú ag iarraidh a choinneáil siar, agus na cúiseanna atá leis seo (tuilleadh eolais ar fáil anseo: www.foi.gov.ie).

## Ceisteanna do Chomhairliúchán

Is gnéithe bunúsacha Rialtais iad beartas eachtrach agus caidreamh seachtrach na hÉireann a chuireann na bealaí ar fáil lenár gcobhsaíocht agus slándáil a chinntiú agus a chuireann lenár rathúnas agus ár bhfolláine eacnamaíoch. Is dearbhú ar cé muid mar phobal an leas a choinnímid leis agus na luachanna a chuirimid chun cinn thar lear.

Tá traidisiún fada tacaíochta againn don iltaobhachas éifeachtach, bunaithe ar na NA; cur chun cinn cearta an duine agus cosantóirí cearta an duine, lena n-áirítear ár mballraíocht reatha ar Chomhairle na NA um Chearta an Duine; tacaíocht le dí-armáil agus rialú arm; an troid in aghaidh an ocrais agus na bochtaineachta agus ár dtacaíocht d'fhorbairt idirnáisiúnta; ár gcion tairbhe d'oibríochtaí tacaíochta síochána faoi shainordú na NA agus tiomantas d'iarrachtaí réitigh coinbhleachta domhanda. Is gnéithe lárnacha dár mbeartas eachtrach iad seo.

Agus tábhacht an gheilleagair dhomhanda dár bhfás agus rathúnas eacnamaíoch á chur san áireamh, is feidhmeanna ríthábhachtacha dár gcaidreamh eachtrach iad cur chun cinn na trádála, na turasóireachta agus na hinfheistíochta.

Tá athrú mór á dhéanamh ag an gcóras idirnáisiúnta, an chumhacht agus an tionchar polaitiúil agus eacnamaíoch araon ag bogadh ón iarthar go dtí an t-oirthear agus go dtí an deisceart. Tá tionchar méadaitheach tíortha na hÁise, Mheiriceá Laidinigh agus na hAfraice ag athmhúnlú an chaoi a n-oibríonn an domhan. Tá struchtúir rialachais idirnáisiúnta mar na NA, WTO agus comhlachtaí ballraíochta uilíocha nó rialú-bhunaithe eile á gcomhlánú níos mó agus níos mó ag grúpaí tíortha atá ag comhoibriú leis an gclár domhanda a mhúnlú i bhformáidí mar an G8 agus G20, nó ar bhonn neamhfhoirmiúil nó ad hoc. Tá an ghéarchéimairgeadais dhomhanda tar éis dlús a chur leis na treochtaí seo.

Is gníomhaí domhanda tábhachtach níos mó agus níos mó ann féin é an tAontas Eorpach i ndiaidh teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, a raibh impleachtaí suntasacha aige don chaoi a reáchtáiltear beartas eachtrach an AE.

Anuas ar na hathruithe seo, is cúinsí a thiomáineann athrú freisin iad geilleagar domhanda á thiomáint ag dul chun cinn teicneolaíochta le luas géaraithe; bagairtí slándála a bhain le gníomhaithe neamhstáit ag feidhmiú thar theorainneacha; agus teacht chun cinn daoine aonair agus líonraí saoránach mar ghníomhaithe domhanda.

Cé go bhfuil tionchair dhiúltacha ar leith ag cuid mhór de dhúshláin an lae inniu ar shochaithe bochta, lena n-áirítear ocras, fás daonra athrú aeráide, galair atá ag teacht chun cinn agus imirce, bíonn tionchar acu ar thíortha níos forbartha, lena n-áirítear Éire. Tá freagracht ar an bpobal idirnáisiúnta freagairt go héifeachtach do na bagairtí domhanda seo.

Beidh impleachtaí fadtréimhseacha agus suntasacha ag na hathruithe seo don chomhthéacs idirnáisiúnta ina bhfeidhmíonn Éire. Léiríonn siad idir dhúshláin agus dheiseanna araon. Caithfimid a chinntiú go bhfuil an meascán ceart beartas agus ionstraimí againn chun cur ar ár gcumas freastal ar na dúshláin agus tairbhe a bhaint as deiseanna rannpháirtíochta idirnáisiúnta.

## Ár Luachanna agus Leas a Chur Chun Cinn

- Cén chaoi ar chóir luachanna agus leas na hÉireann a chur chun cinn trína beartas eachtrach?
- Mar stát beag a bhfuil acmhainní agus tionchar teoranta aici, céard iad na saincheisteanna idirnáisiúnta ar chóir d'Éirinn díriú orthu?
- Cén chaoi ar chóir d'Éirinn freagairt d'athruithe sa chóras idirnáisiúnta a bhaineann le teacht chun cinn cumhachtaí domhanda nua?
- Cuireann ár mbeartas eachtrach íomhá shoiléir d'Éirinn chun cinn thar lear. Cén chaoi ar féidir linn tógáil air seo chun coinneáil le raon leathan cuspóirí cultúrtha, eacnamaíocha agus polaitiúla?

## An tAontas Eorpach

### Cur chuige 'Uile-Rialtais'

Tá ballraíocht san Aontas Eorpach bunúsach dár leas náisiúnta, i dtéarmaí beartais iasachta agus baile araon. Thug Uachtaránacht AE na hÉireann sa chéad leath de 2013 é seo chun suntais, agus glacadh leis go forleathan gur éirigh go han-mhaith léi, agus liosta gnóthachtálacha inláimhsithe ceaptha chun cobhsaíocht, jabanna agus fás san AE a chothú. Tá céimeanna á nglacadh ag an Rialtas anois leis an dea-thoil agus leis an saineolas beartais a gineadh ón rathúlacht seo a chomhdhlúthú agus a chaipitliú chun éifeachtacht ár bhfeidhmíochta ag leibhéal AE a láidriú agus a neartú.

Cuirtear leas eacnamaíochta na hÉireann chun cinn trínár mballraíocht san AE agus i limistéar an euro, rud atá rí-thábhachtach. Tá sé seo riachtanach dár gcuspóirí maidir le téarnamh eacnamaíoch agus ceadaíonn dúinn cur le hiarrachtaí agus buntáiste a bhaint as iarrachtaí chun tacú le cobhsaíocht eacnamaíoch agus buiséadach, agus chun fás eacnamaíochta a spreagadh in Éirinn agus san AE ina iomláine araon.

Chun críocha an athbhreithnithe seo níl sé beartaithe mionscrúdú a dhéanamh ar Bheartas AE na hÉireann, ag cur san áireamh go bhfuil ár rannpháirtíocht leis an Aontas Eorpach níos leithne ná an réimse beartais eachtraigh agus go bhfuil sé lárnach i ngnó na Rann Rialtais uile ó lá go lá. Ina áit beidh an fócas dírithe ar rannchuidiú ár mbeartais eachtraigh agus ár gcaidrimh sheachtraigh, agus ar obair na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar feadh an Rialtais le cur chun cinn leas na hÉireann laistigh den Aontas Eorpach, ar lámh amháin, agus lena chinntiú go bhfuil guth na hEorpa níos láidre ag an leibhéal domhanda, ar an lámh eile.

Chuaigh ár rannpháirtíocht san AE, ó chuamar isteach ann i 1973, i bhfeidhm go mór ar bheartas eachtrach na hÉireann. Téann ár mballraíocht san AE i bhfeidhm ar ár gcaidreamh le tríú tíortha, mar shampla agus beartais trádála á múnlú leis na Stáit Aontaithe, le Ceanada agus le comhpháirtithe eile. Dá bharr sin, treisítear ár gcaidreamh leis na tíortha sin ár nguth ag bord an AE.

Tugann an misean taidhleoireachta is mó atá ag Éirinn thar lear, Buanionadaíocht na hÉireann chuig an AE sa Bhruiséil, oifigigh le chéile ó bheagnach gach Roinn Rialtais agus é de chuspóir acu ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na hÉireann agus iad a chur chun cinn trí Chomhairle na nAirí de chuid an AE, agus i gcaidreamh le hInstitiúidí AE. Is cuid riachtanach den phróiseas seo iad ár nAmbasáidí i bpríomhchathracha AE, iad ag obair le caidreamh déthaobhach le Ballstáit AE a chur chun cinn, comhaontas a neartú, bonn eolais a chur faoinár gcinntí beartais agus seasamh na hÉireann a chur in iúl.

## Caidreamh Seachtrach AE

Agus 28 tír ag labhairt mar aon cheann amháin, tá guth na hEorpa níos láidre sa domhan agus ceadaíonn sé seo don Aontas Eorpach labhairt go húdarásach ar leibhéal domhanda. Baineann gné ar leith dár rannpháirtíocht AE atá laistigh de scóip an athbhreithnithe seo le caidreamh seachtrach an AE. Beidh guth láidir ag Éirinn i gcónaí i bhforbairt an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CFSP) agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CSDP), rud atá ag teacht le traidisiúin agus leasanna ár mbeartais eachtraigh. Beimid rannpháirteach i gcónaí freisin i múnlú freagra an AE ar shaincheisteanna domhanda mar athrú aeráide, saincheisteanna fuinnimh agus beartas forbartha idirnáisiúnta, a bhaineann leas as meascán de réimsí beartais seachtraigh agus inmheánaigh.

Cuirfidh an méid is féidir linn íomhá láidir dínn féin a chur chun cinn trínár mbeartas eachtrach lasmuigh den AE lenár gcumas coinneáil lenár gcuspóirí laistigh de. Chuir cruthú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) feabhas ar éifeachtachtaí gnímh seachtraigh an AE. Leanfaidh Éire, maraon lenár gcomh-Bhallstáit AE, ag tacú le forbairt EEAS. Is cúrsa inniúlachta náisiúnta i gcónaí iad i ndáiríre saincheisteanna lárnacha, mar oibriú le gnólachtaí Éireannacha, infheistíocht eachtrach a fháil d’Éirinn, cúnamh a chur ar fáil do shaoránaigh Éireannacha, luacha agus leasanna Éireannacha a chosaint agus cur chun cinn íomhá dhearfach d’Éirinn thar lear.

- Cén chaoi ar féidir linn a bheith rannpháirteach lena chinntiú go ndéanann an tAontas Eorpach ár leasanna domhanda a chosaint agus a chur chun cinn go rathúil?
- Cad é an úsáid is fearr is féidir linn a bhaint as líonra misin na hÉireann chun ár leasanna a chur chun cinn san AE?
- Cén chaoi a chinnteoimid go léireofar guth sainiúil na hÉireann i mbeartas eachtrach an AE?

## An Comhthéacs Domhanda agus na NA

Mar stát beag agus mar gheilleagar a thrádálann go hidirnáisiúnta, is fearr a chinnteofar leas na hÉireann trí thimpeallacht dhomhanda atá slán agus cobhsaí, bunaithe ar fhorlámhas an dlí a rialaíonn comhoibriú idir stáit agus dúshláin choiteanna á saothrú. Cé go raibh sé seo mar bhonn ag beartas eachtrach na hÉireann i gcónaí, tá sé ríthábhachtach freisin dár bhfás agus dár bhforbairt eacnamaíoch.

Agus muid ag cur lenár mbeartas den neodracht mhíleata agus ár dtacaíocht do ról lárnach na Náisiún Aontaithe i gcoinneáil na síochána agus na slándála idirnáisiúnta, leanann Éire uirthi ag déanamh obair mhór ghníomhach d'oibríochtaí bainistithe géarchéime idirnáisiúnta údaraithe ag na NA. Tá aitheantas idirnáisiúnta bainte amach ag Óglaigh na hÉireann as an ról tábhachtach a bhí acu in oibríochtaí coimeádta síochána le breis agus leathchéad bliain anuas.

Tá próiseas comhairliúcháin á threorú ag an Roinn Cosanta faoi láthair a mbeidh foilsiú Páipéir Bháin ar Chosaint in 2014 de thoradh air, a mbeidh mar sprioc aige inter alia a chinntiú go gcoinníonn Óglaigh na hÉireann na hardchaighdeáin seo go ceann na ndeich mbliana atá romhainn. Ina theannta tá Éire rannpháirteach níos mó agus níos mó i misin bainistithe géarchéime sibhialtaigh, a bhfuil d'aidhm acu cur le cumas institiúidí áitiúla chun

sláṅdáil a chur ar fáil dá saoránaigh i réimsí na póilíneachta, an cheartais agus forlámhas an dlí.

- Cén chaoi ar féidir le hÉirinn cur le córas domhanda láidir, bunaithe ar rialacha, a bhfuil teacht aniar ann, bunaithe ar na NA?
- Tá raon méadaitheach saincheisteanna domhanda casta agus idirnasctha roimh an pobal idirnáisiúnta amach a dteastaíonn gníomh idirnáisiúnta comhbheartaithe uathu. Cén chaoi ar féidir le hÉirinn cur le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dá leithéid?

## Taidhleoireacht Eacnamaíoch agus Caidreamh Déthaobhach a Thógáil

Is príomhghné dár mbeartas eachtrach cur chun cinn agus forbairt na trádála, na turasóireachta agus na hinfheistíochta, ag teacht le Straitéis Infheistíochta, Turasóireachta agus Trádála an Rialtais, *Trádáil agus Infheistiú i nGeilleagar Cliste*. Tá ambasáidí na hÉireann, ag obair le gníomhaireachtaí stáit, dírithe go láidir ar fheidhmiú na straitéise seo.

Tá an líonra ambasáide gníomhach ar bhonn laethúil agus deiseanna infheistíochta onnmhairithe agus isteach á sainaithint, cúnamh á thabhairt do chuideachtaí líonraí teagmhála a thógáil, agus cuairteanna dírithe ar thrádáil á n-eagrú i gcomhar leis na gníomhaireachtaí stáit. Bíonn siad rannpháirteach freisin i stocaireacht do rochtain ar mhargaí agus aghaidh á thabhairt ar chonstaicí rialála, agus i gcur chun cinn na hÉireann mar cheannscríbe turasóireachta agus staidéir. Tá siad suite go huathúil chun tionchar a bheith acu ar chinntí a théann i gcionn ar Éirinn trí eolas soiléir a chur ar fáil do phríomh–mhúnlóirí meoin ar straitéis na hÉireann do théarnamh eacnamaíochta.

Is gníomhaíocht lárnach den líonra ambasáide í teachtaireachtaí eacnamaíocha a chur, mar atá imeachtaí taidhleoireachta cultúrtha agus poiblí chun próifíl dhearfach na hÉireann a

ardú, lena n-áirítear i rith thréimhse Lá le Pádraig a thairgeann deis thar na bearta chun Éire a chur chun cinn os comhair an phobail ar fud an domhain.

Agus muid ag leanúint orainn le taidhleoireacht iltaobhach atá gníomhach agus láidir, bunaithe thart ar na NA, cuirfimid leis seo le cur chuige chomh gníomhach céanna chun caidreamh iltaobhach atá ann faoi láthair a dhaingniú agus chun caidreamh nua a thógáil.

Tá caidreamh láidir le comhpháirtithe lárnacha ríthábhachtach do bhaint amach cuspóirí an Rialtais agus d’fhás na trádála, na turasóireachta agus na hinfheistíochta. Is léir luach na hinfheistíochta i bpríomhchaidreamh i mbeartas an Rialtais laistigh den AE agus i gcoinneáil tacaíochta seachtraí do phróiseas na síochána i dTuaisceart Éireann. Tá tógáil agus coinneáil caidrimh leathan-bhunaithe tábhachtach go háirithe i gcás tíortha inar féidir go dtógtar cinntí tráchtála ar leibhéal polaitiúil.

- Cén chaoi ar féidir lenár mbeartas eachtrach agus ár dtaidhleoireacht eacnamaíoch tacú le forbairt agus le fás eacnamaíoch?
- Cén chaoi ar féidir lenár líonra ambasáide leanúint air ag freagairt do riachtanais ghnó?
- Cén chaoi ar féidir linn a chinntiú go bhfuil ár bpríomhchaidreamh déthaobhach láidir agus go bhfuil teacht aniar ann sa chaoi gur féidir linn na tairbhí is fearr a bhaint amach d’Éirinn thar lear?
- Cén áit ar chóir dúinn ár n-acmhainní agus ár n-iarrachtaí a dhíriú uirthi sa tréimhse atá romhainn?

## Forbairt Idirnáisiúnta

Is tosaíocht lárnach dár mbeartas eachtrach í an troid in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais. Tá Éire tar éis a dlúthpháirtíocht le tíortha i mbéal forbartha a choinneáil, fiú sna cúinsí deacra atá ann faoi láthair. Déanann ár mBeartas nua don Fhorbairt Idirnáisiúnta – *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin* – ar glacadh leis i mBealtaine 2013, tar éis athnuachan a dhéanamh ar

an tiomantas sin agus leagann amach an fhís, na spriocanna agus na tosaíochtaí dár rannpháirtíocht ar fhorbairt idirnáisiúnta.

- Cén chaoi is fearr a dhéanfadh Éire na tiomantais in *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin* a sheachadadh trí chur chuige Rialtais Iomláin?
- Cén chaoi a ndéanfaí tiomantas don fhorbairt idirnáisiúnta a léiriú níos fearr i mbeartas eachtrach na hÉireann?
- Cén chaoi ar féidir le hÉirinn cur go héifeachtach leis na hidirbheartaíochtaí do chreat comhtháite nua d'fhorbairt dhomhanda tar éis 2015?

## Tuaisceart Éireann

Tá cur chun cinn tuilleadh athmhuintearais ar oileán na hÉireann agus coinneáil na síochána agus na cobhsaíochta i dTuaisceart Éireann ríthábhachtach d'fholláine ár muintire, d'fhorbairt an gheilleagair agus do theilgean ár n-íomhá idirnáisiúnta.

- Cén chaoi ar féidir linn leanúint orainn ag cur le tuilleadh athmhuintearais agus le coinneáil na síochána ar oileán na hÉireann?
- Tá eispéireas uathúil againn den tsíocháin a thógáil agus a choinneáil ar an oileán seo. Cén chaoi ar féidir gníomhú de réir na taithí seo in ár mbeartas eachtrach?

## Rannpháirtíocht an Diaspóra

Tá an mhuintir seo againne thar lear tar éis cion tairbhe den scoth a dhéanamh ar mhaithe le forbairt na tíre seo. Cuireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach, maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí neamhbhrabúis agus do thionscadail a thacaíonn le pobail Éireannacha thar lear, go háirithe dóibh siúd a thugann aghaidh ar riachtanais na ndaoine is mó míbhuntáiste agus is leochailí i measc ár n-eisimirceach.

Tugann ár rannpháirtíocht leis an Diaspóra Éireannach buntáiste straitéiseach dúinn in iliomad réimsí, ó thrádáil agus ó chruthú jabanna, go rannpháirtíocht pholaitiúil, go cur chun cinn an chultúir agus na n-ealaíon. Tairgeann an Líonra Éireannach Domhanda creat do na daoine aonair Éireannacha is sinsearaí agus na daoine a bhaineann le hÉirinn chun a bheith rannpháirteach iontu seo agus i réimsí eile. D'fhógair an Tánaiste ag an tríú Fóram Eacnamaíoch Éireannach Domhanda, ar 4-5 Deireadh Fómhair 2013, go ndéanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála athbhreithniú foriomlán ar a straitéis do rannpháirtíocht leis an Diaspóra Éireannach. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo comhlánú ar an Athbhreithniú Beartais Eachtraigh.

- Cén chaoi ar chóir rannpháirtíocht na hÉireann leis an Diaspóra a shocrú? Céard iad na réimsí ina bhfuil an acmhainn is mó chun oibriú i bpáirt le baill an Diaspóra?

## Seirbhísí do Shaoránaigh Éireannacha

Bíonn ambasáidí agus consalachtaí na hÉireann gafa ar bhonn laethúil le cúnamh a chur ar fáil do shaoránaigh, i gcúinsí tragóideacha nó deacra ar uairibh. In 2012, thug an Roinn cúnamh do bheagnach 1,500 saoránach Éireannacha thar lear tar éis éigeandálaí consalachta tromchúiseacha, lena n-áirítear, básanna, gabhálacha, timpistí, fuadaigh leanaí agus ospidéaluithe. Cuireadh cúnamh consalachta ar fáil do shaoránaigh Éireannacha i

mbeagnach gach tír ar domhan, lena n-áirítear cuid mhór tíortha nach bhfuil aon ambasáid Éireannach iontu.

Sa tréimhse chéanna, d'eisigh an Roinn 631,939 pas Éireannacha, chuir breis agus 2,500 litir saoirse shibhialta ar fáil do shaoránaigh Éireannacha a bhí ag dul ag pósadh thar lear, phróiseáil breis agus 8,000 iarratas ar shaoránacht Éireannach trí Chlárú Breitheanna Iasachta agus d'fhíordheimhnigh breis agus 50,000 doiciméad Éireannacha, mar dhoiciméid chuideachta, teastais oideachasúla, agus doiciméid dhlíthiúla.

- Céard é an t-uasleibhéal seirbhíse ar chóir d'ambasáidí agus do chonsalachtaí Éireannacha a chur ar fáil do shaoránaigh thar lear?

## Íomhá Dhearfach d'Éirinn a Chur Chun Cinn

I margadh cumarsáide domhanda plódaithe an lae inniu is príomhchuspóir straitéiseach é an bealach a ndéanaimid idirdhealú idir muid féin agus ár n-iomaitheoirí.  Bá chóir gur mó ár mbeartas eachtrach ná suim a chodanna, chun íomhá láidir, shoiléir agus inaitheanta d'Éirinn a chur i láthair, bunaithe ar ár luachanna agus ar ár gcultúr, ar féidir a úsáid chun coinneáil le hilchuspóirí.

- Cén chaoi ar féidir lenár mbeartas eachtrach cur le híomhá shoiléir inaitheanta d'Éirinn thar lear?